



Folúntas: Saineolaí ar Fhreagairt ar Ráigeanna Aonad: Tacaíocht Faireachais agus Freagartha Tagairt: ECDC/TA/AD/2017/SRS-EOR

Iarrtar ar iarrthóirí cur isteach ar an bpost thuasluaite mar Gníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

Sainchuntas poist

Tuairisceoidh an Sealbhóir Poist don Ghrúpcheannaire um Ullmhacht AE agus oibreoidh sé/sí mar chuid den chlár um Ghalair Bhia-iompartha agus Uisce-iompartha agus Zónóisí (FWD).

Beidh sé/sí freagrach as na réimsí oibre seo a leanas:

- Tacú le gníomhaíochtaí faireachais teagmhasbhunaithe trí chomhordú agus stiúradh a dhéanamh ar ardán Chóras Eolais na Faisnéise Eipidéime - Galair Bhia-iompartha agus Uisce-iompartha agus Zónóisí (EPIS-FWD) agus a chinntiú go ndéanfar tuilleadh forbartha ar na gníomhaíochtaí sin i gcomhar le comhghleacaithe ECDC, Ballstáit agus eagraíochtaí ábhartha;
- Tacú le gníomhaíochtaí an Lárionaid maidir le freagairt do bhagairtí galar bia-iompartha agus uisce-iompartha i dtíortha san Aontas Eorpach (AE) agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE);
- Cabhrú le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar uirlisí eipidéimeolaíochta agus micribhitheolaíochta le haghaidh freagairt do ráigeanna galar bia-iompartha agus uisce-iompartha (bunachair shonraí, córais mhalartaithe faisnéise, líonraí sonracha, etc.);
- Tacú leis na gníomhaíochtaí faireachais tíópála móilíní i dtaca le galair bhia-iompartha agus uisce-iompartha agus a chinntiú go gcoimeádfar an nasc ar bun idir na gníomhaíochtaí sin agus na gníomhaíochtaí freagartha do ráigeanna i gcóras EPIS-FWD;
- A chinntiú go dtáirgfear mearmheasúnuithe riosca/ráige atá ar ardchaighdeán agus bunaithe ar fhianaise agus go dtáirgfear aschuir ghaolmhara eile de chuid an ghrúpa mar fhreagairt do bhagairtí féideartha a bhaineann le galair theagmhálacha, agus an méid sin a dhéanamh ar bhealach tráthúil;
- Oiliúint a chur ar úsáideoirí nua i gcóras EPIS-FWD;
- Rannchuidiú le príomh-aschuir agus príomhghníomhaíochtaí an Aonaid agus an Lárionaid, lena n-áirítear tuarascáil bhliantúil an Stiúrthóra, an Tuarascáil Bhlíantúil Eipidéimeolaíochta, etc.;
- Rannchuidiú a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí eile de chuid ECDC ina réimse saineolais féin, de réir mar is gá;

- Rannhuidiú a dhéanamh maidir leis an gcóras dualgais 24/7, dualgas FWD agus uainchlár dualgais ECDC.

Na cáilíochtaí agus an taithí atá ag teastáil

A. Riachtanais fhoirmiúla

Chun a bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith riachtanas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na riachtanais sin:

- Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do chúrsa ollscoile críochnaithe trí bliana ar a laghad arna fhianú le diplóma¹;
- Eolas críochnúil ar cheann amháin de theangacha na gComhphobal agus eolas sásúil ar theanga eile de chuid na gComhphobal, a mhéid is gá chun na dualgais a bheidh air/uirthi a chomhlíonadh²;
- A bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)earth iomlán mar shaoránach³;
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh; agus
- Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

B. Critéir roghnúcháin

Tá *critéir riachtanach* maidir le *taithí ghairmiúil* agus *tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta* sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo. Is iad sin:

Taithí ghairmiúil/eolas:

- Taithí ghairmiúil 5 bliana ar a laghad (tar éis an diplóma a bhaint amach), ar caitheadh 3 bliana ar a laghad di i bpoist a bhaineann leis an sainchuntas poist;
- Céim ollscoile i réimse ábhartha, amhail an mhíochaine, na heolaíochtaí míochaine, an tréidliacht, an chógaisíocht, an mhicribhitheolaíocht, galair thógálacha nó an tsláinte phoiblí;
- Taithí theicniúil agus phraiticiúil ar ráigeanna galar bia-iompartha agus uisce-iompartha a bhrath agus a imscrúdú;
- Dea-eolas ar uirlisí le haghaidh ráigeanna a imscrúdú, go háirithe uirlisí anailíseacha eipidéimeolaíochta;
- Eolas ar bhunachair shonraí agus uirlisí faisnéisíochta agus an cumas chun iad a úsáid le haghaidh faisnéis eipidéimeolaíochta a bhainistiú agus a chomhroinnt;
- Taithí ar bhainistíocht tionscadail;

¹ Ní bhreithneofar ach diplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin

² Chun bheith incháilithe d'ardú céime trí chleachtadh bliantúil ardú céime, ní mór do bhaill foirne eolas oibre a bheith acu ar thríú teanga AE freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus na Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

³ Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil, rud ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil ar bith aige/aici.

- Scileanna cruthaithe i bhfaisnéis eolaíochta a chur in iúl d'údaráis, d'eolaithe agus don phobal i gcoitinne;
- Sárthuiscint ar Bhéarla, idir scríofa agus labhartha.

Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- Díriú ar ardchaighdeán a bhaint amach agus ar sheirbhís a chur ar fáil;
- An cumas chun obair i gcomhar le daoine eile agus dlúthchaidreamh ildisciplíneach oibre a chothú;
- Dírithe ar thorthaí a bhaint amach;
- Sárscileanna anailíseacha.

Tá an taithí agus na scileanna a bheadh ina mbuntáiste don phost aitheanta againn freisin. Is iad sin:

- Oiliúint iarchéime i ndisciplín sláinte poiblí;
- Dea-eolas ar bheartais agus gníomhaíochtaí AE atá ábhartha do na cúraimí atá liostaithe thuas;
- Taithí ar thacú le gníomhaíochtaí faireachais tíopála móilíní.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh go gcuirfeadh an coiste roghnóireachta ríochtana níos doichte i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist bunaithe ar ghearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnóireachta don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnóireachta bunaithe. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir rathúil mar Ghníomhaire Sealadach, de bhun airteagal 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, ar feadh tréimhse cúig bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan ina dhiaidh sin. Ceapfar an t-iarrthóir rathúil chuig grád **AD 5**.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh i gcrích go rathúil.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff_Regulations_2014.pdf

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

Liosta ionadaithe

D'fhéadfadh go ndéanfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh

Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe chuig Recruitment@ecdc.europa.eu, agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.

Chun a chinntiú go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart an fhoirm iarratais a chur isteach i bhformáid Word nó PDF. B'fhéarr í a bheith comhlánaithe i mBéarla⁴. Measfar aon iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí.

Is féidir an fhoirm iarratais le ECDC a fháil ar ár láithreán gréasáin anseo:

<http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Pages/JobOpportunities.aspx>

Tá an spriocdháta le hiarratais a chur isteach, tuilleadh faisnéise faoi stádas an nós imeachta roghnúcháin seo agus tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas earcaíochta ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin tríd an nasc thuas a leanúint.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a gheofar, ní thabharfar fógra ach amháin d'iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

⁴Rinneadh an fógra iarratais seo a aistriú go gach ceann de 24 theanga oifigiúla AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhéarr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.